Fuaras mian, ón, fuaras mian

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 28]

Donnchadh Mor Ó Dálaigh (?) .cct.

1  Fuaras mian, ón, fuaras mian,
rí saidhbhir agus é fial,
file mi-se ag iarraidh grás
mar dhleaghthair gach dámh do riar.

2  Fuaras neart, ón, fuaras neart,
rí láidir agus é ceart,
rí éisdeas bille na mbocht,
rí nach olc do-rinne a reacht

3  Mo rí mór, ón, mo rí mór,
rí nach cuireann suim i stór;
ag so an rí dhíolas gach neach
don uile idir bheag is mór.

4  Mo rí féin, ón, mo rí féin,
rí uach diultann neach fan ngréin;
ós é as fhearr dhíolfas mo dhán
molfad tar cách mo rí féin.

5  Leigeam dóibh, ón, leigeam dóibh
táinte slóigh an bheatha bhuain;
molaim feasda rí na ríogh,
is é Críost as fhearr fa dhuain.

6  Míchéal maor, ón, Míchéal maor,
nar leig mé as an raon riamh,
molfaidh mi-se aingeal Dé
ós dó féin fuaras mo mhian.  Fuaras.